Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023
(OR. en)

10107/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0414(COD)**

EMPL 294
SOC 422
CODEC 1011

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin<br>- Ráiteas ón Liotuáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Liotuáin i ndáil leis an togra thuasluaite.

**Ráiteas ón Liotuáin**

Tacaíonn an Liotuáin le cuspóirí na Treorach seo chun feabhas a chur ar dhálaí oibre oibrithe ardáin agus ar chosaint daoine a dhéanann obair ardáin maidir le próiseáil a sonraí pearsanta trí chórais faireacháin nó cinnteoireachta uathoibrithe a úsáid.

Creideann an Liotuáin nár cheart don Treoir an t-idirphlé sóisialta idir daoine a dhéanann obair ardáin agus ardáin saothair dhigiteacha, agus a n-ionadaithe, a shrianadh, ach é a chur chun cinn. Ba cheart don Treoir seo a bheith i gcomhréir leis na Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach faoi chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair. Measaimid nach gcuirfear bearta nó rialacha a cheanglaítear leis an dlí nó le comhaontuithe comhchoiteanna san áireamh agus an toimhde dhlíthiúil agus athaicmiú an stádais á ngníomhachtú go huathoibríoch.

Ag an am céanna, cuireann an Liotuáin i bhfios go láidir maidir leis an toimhde dhlíthiúil, a critéir, an tairseach chun an í a ghníomhachtú, a cur i bhfeidhm agus a frisnéis, gur cheart dóibh a bheith comhréireach agus nár cheart dóibh an t-ualach riaracháin a chruthú do na daoine fíor-fhéinfhostaithe.